Gaoṫ Doḃair

Ba deas mar ċuaiġ an t-aṫrú r insan Aifreann i nGaoṫ Doḃ air. Ag aċan Aifreann i dTeaċ obail Naoṁ Muire, Doire eaga, ḃí cuid ṁaiṫ den Aif- eann as Gaeilge, agus ḃí an obal go h-iontaċ maiṫ ag taḃ- irt freagra insan áit ċeart. ilfeá go raiḃ siad cleaċtaiṫe eis na blianta. Stad siad uilig s na háiteaċa a ḃí socraiṫe nsan leaḃar. agus ċuaiġ siad ocal ar ḟocal. Is ioma sean ear agus sean-ḃean a ṫug altú o Ḋia gur ċuala siad Aifreann é ina ṫeanga féin sa deireaḋ.

Ḃí pobal mór ag aċan Aifreann agus ḃí neart cainte fá dtaoḃ de an aṫrú seo.

I gCnoc Fola. Léiġeaḋ ḋá Aifreann Dé Doṁnaiġ seo caite ⁊ ḃí páirt ṁór den dá ċeann as Gaeilge. Ní raiḃ le cluinstin aċ an Ġaeilge agus an Laidin agus níl feiḋm a rá gur ṫaitn sé leis an ṗobal. Ḃí cuid acu rud beag cúlta ar tús aċ nuair a ċuala siad a gcoṁarsanaí ag taḃairt freagra. Lean siad féin, agus ċuaiġ na paidreaċa agus na freagraí focal ar ḟocal sa deireaḋ.

Eadan Anfa

Léiġeaḋ Aifreann a ċuir íon- tas ar ċuid mór den ṗobal an- seo. Dé Doṁnaiġ seo caite, in eadan Anfa. Ḃí na paidreaċa ón tús as Gaeilge, siar go dtí ár an Aifrinn, an áit ar aṫraiġ siad arais go Laidin. Ḃí eolas g na páistí scoile agus cuid ṁaiṫ eile go mbeaḋ sé seo aṁ- aiḋ, agus ḃí na paidreaċa réiḋ acu. agus siad a ṫug a gcuid reagraí amaċ go rialta agus o soiléir. agus ní raiḃ sé i ḃfad go dtáinig an pobal uilig isteaċ ar aon ḟocal leo.

Tá na feirmeoirí ag obair go tréan anois ag déanaṁ suas fá ċoinne an méid ama a ċaill siad roiṁe. agus ní fada go mbeiḋ obair an earraí déanta anseo.

Tá caint ann go m'ḟéidir naċ mbeaḋ sé ċoṁ fada sin anois go ndéanfaí draenáil ar an aḃ- ainn ṁóir anseo. Ġlac Donnċa Ó Máille, T.D., Rúnaí Pairli- minte don Aire Airgeadais, le toscaireaċt ar na mallaiḃ agus tá dóċas ann go m'ḟéidir go gcuirfí ar aġaiḋ an scéim.

Bella Mac Giolla Uain a ḃuaiġ an ċéad duais ag an gnáċ ċluiċe fuist in halla Eadan Anfa. Gearóid Mac Diarmada. Eadan Anfa, an céad duais do na fir, agus G. Ní Fioḋḃara. Srait a' Loinsiġ. agus Proin- sias Doiḃín. Srait Caisleán. duais na mban.

Ṫit sneaċta trom arís ar na sléiḃte le seaċtain anuas agus tá sé na luí go fóill. Ḃí sé trom go maiṫ suas an Gleann agus in áit aṁáin ḃí sé treas- na ar an mbealaċ síos go Beal- aċ Féiċ, agus ḃí stop ar tráċt ar feaḋ tamaill. Tá na bealtaí glan arís. aċ tá an sneaċta 'na luí ar ṁullaċ na sléiḃte go fóill.

Iascaireaċt i nGaillim

Ḃí an cruinniú cinnḃliana ag Braiṫreaċt na Coiriḃe, in Óstán Odeon. i gCeapaċ na bFiaċ, oiċe Aoine. Táispeáneaḋ scannán deas faoi cúrsaí iascaireaċta. Dé Doṁnaiġ seo caite, ḃí an ċéad comórtas iascaí faoi ċoimirce Cumann Iascairí Loċ Coiriḃe agus na Gaillime, ag an Commercial Boat Club, agus tá cosúlaċt air go mbeiḋ séasúr gnóṫaċ ag na hiascairí ag tosnú coṁ lua seo. Cuireaḋ suim ar leit insan scannán faoi gníoṁaíoċt an ḃraiṫreaċas ar feaḋ na bliana seo caite, ⁊ tugaḋ isteaċ roinnt cúrsaí spóirt eile freisin. Cuireaḋ spéis ar leiṫ insan Operation Fishpond — sé sin an tógáil ⁊ an obair agus ligint an sceiṫ isteaċ ins na linnte tógála ag Gort Mór. Tá Rás Tailteann, Regatta na Gaillime agus rásaí na Gaillime insan scannán freisin.

Is trua linn gurḃ éigin dúinn sé ċolún de nótaí áitiúla as Cloiċeannaola Gaoṫ Doḃair, Corca Duiḃne, ⁊rl., a ċoiméad siar toisc gantanas spáis cuid de le spás a ḋéanaṁ don teaċtaireaċt spéisiúl taḃaċtaċ na Gaeltaċta ó'n Aṫair Colmán Ó hUallaċáin. Ní ḃíonn leaṫ ar ndoṫan spáis againn do nuaíoċt na Gaeltaċta anois.

Tionscail Gann in Obair

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ Fiontán Ó Cuagáin, T.D., don Aire Tionscail agus Tráċtála, an raiḃ ḟios aige faoi an imní ṁór a ḃí ar oibríṫe ag Potash Industries Teo., i nGaillim, toisc go raiḃ siad ar gearr-obair, agus an ndéanfaḋ sé ráiteas fá toġċaí an tionscail seo a ḃéarfaḋ faoisceaṁ do imí na n-oibríṫe.

Dúirt an tUasal Childers naċ raiḃ eolas ar biṫ aige taoḃ amuiġ den ráiteas poiblí a ṫug bainisteoir na monarcan, go raiḃ sé ag súil naċ mairfeaḋ an ganntanas oibre seo i ḃfad.

Fiontán Ó Cuagáin — Nuair a d'oscail an Taoiseaċ an monarca seo, dúirt sé go mbeaḋ 700 daoine ag obair taoḃ istiġ do ḋá ḃliain. Anois, tá 185 daoine ag obair ann, ar 36 uair sa tseaċtain.

An tUasal Childers — De ṫairḃe ai geiṁreaḋ ḃog, ḃí níos lú táirgeaḋ, ní hé aṁáin sa tionscail seo aċ in tionscail eile cosúil leis. Táṫar ag súil go leanfaiḋ an tionscail agus go raċaiḋ sé ar aġaiḋ.

Leictreaċas i gConamara

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ Fiontán Ó Cuagáin, T.D., don Aire Iompair agus Cuṁaċta. cad iad na ceantair fá ċoinne leictreaċas in Iarṫar na Gaillime, agus caṫain a ḋéanfar an obair ins na ceantar sin.

D'ḟreagair an tAire Iompair ⁊ Cuṁaċta, an tUasal Childers, go raiḃ Bord Soláṫar an Leictreaċais ag súil leis an scéim aibléisiú tuaiṫe a ċríoċnú i gceantar Uaċtar Ard, roiṁ ḋeireaḋ mí Aibreáin. agus go ndéanfaí forbairt ar na ceantair eile in Iarṫar na Gaillime i dtimpeall ceiṫre nó cúig mí ⁊ gurb é an ordú ina ndéanfaí iad nó: Cill Aiṫnín, An Cloċán, Rosmuc, Cill Ċiaráin, Cloċ na Rón. Baile Ċonfaola, An Creagán, Leitir Fraic, Ceaṫrú Rua, Leitir Mór, Camus. Corr na Móna. An Lionán.

Taoide Barrlán

Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
13-3-65	2.06	14.52	1.23	14.09	— —	12.38
14	3.18	15.58	2.35	15.15	1.19	13.51
15	4.16	16.50	3.33	16.07	2.23	14.48
16	5.05	17.35	4.22	16.52	3.17	15.38
17	5.48	18.16	5.05	17.33	4.01	16.22
18	6.28	18.54	5.45	18.11	4.56	17.03
19	7.07	19.31	6.24	18.48	5.28	17.43

Caisleán Gearr

Cúis bróin agus buaireaṁ i gceantar Ċaisleán Gearr agus ṫart timpeall, bás Pádraic Broderic, feirmeoir 64 bliana d'aois, as Brocaiġ, Caisleán Gearr, a fuair bás cúpla uair taréis a ċárr a beiṫ in iomḃualaḋ le cárr a ḃí ḋá ṫiomáint ag Pádraic S. Ó hUigín, Caisleán Nua, cúpla míle amaċ ó Ċaisleán Gearr. Ḃí an tUasal Broderic ag roṫaíoċt ag an am. Tá mac leis, Tomás, ina iománaí cliúteaċ do Ċaisleán Gearr agus do Ġaillim. Ḃí an t-Uasal Broderic ar ḋuine de ṫrodairí na Saoirse i gCoṁluċt Caisleán Gearr den sean-I.R.A. agus ġlac sé páirt in mórán saoirse le linn cogaḋ na saoirse. Ċuaiġ soċraiḋ ṁór leis ón Ospidéal Réagúnaċ go Séipéal Caisleán Gearr. Tugaḋ iomlán onóir míleáta dó, agus ḃí Stiofán Ó Ruaḋain, Baile Ċláir na Gaillime i gceannas ar an buíon a scaoil an urċar deireannaċ agus Criostóir Ó Courtnaiġ, Bleá'n Rí, i mbun an ġárda onóir. B'é an Corporal Ó Casaide, Rinn Mór. a buail an Last Post. Ċuir Coiste Cuiṁneaċáin Caisleán Gearr ḃóta coṁḃróin i ḃfeiḋm lena ḃean agus lena ṫeaġlaċ, ċoṁ maiṫ lena ḋearḃráṫaċa. deirfiúraċa agus gaolta.

Gleannḃarr

Coṁġáirdeas le aisteoirí óga S.N. Ġleannḃarr, a ḃain an dara áit sa ċomórtas do páistí scoile ag an Ḟéile Drámaíoċta i Leitir Ceanainn ar an tseaċtain as ċuaiġ ṫart. Ḃí dráma beag deas oireanaċ acu, "Na Laeṫa Saoire," ceann a scríoḃ agus a léiriġ Máistir na Scoile, an tUasal D. Mac Ḟionnġaile, é féin. As Maċaire Raḃartaiġ an Máistir Mac Ḟionnġaile agus tá'n Ġaeilge ar a ċoṁairle féin aige. le ċois labairt na Gaeilge scríoḃann sé cuid mór sa Ġaeilge fosta. Seo iad na páistí a ḃí páirteaċ sa dráma, Seán Mac Eiteagáin, Lurgan Ḃric. Brigid Ní Friail, Bun na Tuinne, Éilis Ní Ċoille, Baile na hAḃna agus Máiréad Ní Ċoigliġ, Conlainn.

Tá sean-ḟocal againn a deireas "Na faoilliḋ ḃeireas 'un tosaiġ an blaṫ, níl a'n ṁí so saṁain naċ gcasaoid é." Ṫug na faoilliḋ blaṫa go leor 'un tosaiġ i mbliana agus, ceart go leor, ṫáinig an Ṁárta isteaċ mar an leon aċ d'ainneoin sin tá súil as a rí againn na mbéiḋ an dara ċuid den tsean ḟocal ceart. Ḃí mí na ḃfaoilliḋ ar ḟeaḃas ar fad aċ ar na laeṫe seo, na cead laeṫe de Ṁárta, tá sneaċta trom agus siocán cruaiḋ againn. B'é súil na gcos é do aċan duine beagnaċ as an taoiḃ ṫoir den Ġleann go dtí an teaċ ṗobail maidin Dé Ċeadaoin an Luaiṫriġ óir ḃí an sneaċta go trom sin ar an bealaċ mór na dtug tiománaí cairr iarraċt an malaiḋ ag ceann Náire na Saileóige a tógáil aċ tiománaí aṁáin, b'í sin Saḃa 'níon Nic Eiteagáin, O.S., aċ tá sise ar ḋuine de na tiománaí is fearr sa ṗaróiste.

Táṫar i gcionn oibre a rais ar an ḃealaċ mór idir Baile an Ṁuilinn agus Bun na Tuinne. Táṫar ag cuir clúdaċ gairḃéil air ar na laeṫe seo. Ar ball cuirfear croiceann tarr air ⁊ déanfar é a rollaḋ. Táṫar a' súil go mbéiḋ an obair críoċnaiṫe roiṁ deireaḋ an tsaṁraiḋ.

Rásaí Curraċ

Tá dream príoṁáideaċa, Cumann Forbairte Loċ Atalia, ag smaoineaṁ ar comórtaisí rásaí Curraċ a ċur ar siúl i nGaillim arís. Go sealadaċ, tá sé ceapṫa acu na trialaċa seo a ḃeiṫ ann ar an 27ú lá de Ṁeiṫeaṁ seo ċugainn.

Uaiġ Raifterí

Tá Coṁairle Condae na Gaillime leis an reilig ag Cill Ḟinín, in aice le Creaċ Ṁaoil. a ġlanaḋ agus a ċur in órd.

Sa reilig seo. atá Antoine Reaċtaire, file mór na ndaoine i gConaċt, insan 19ú aois, curṫa.

Caiṫfiḋ an Coṁairle Condae £100 ar an uaiġ seo a ċóiriú ⁊ a ḋeisiú agus a ṁaisiú.

Dúirt caṫaoirleaċ an ċoiste, Miċeál Mac Cárṫaiġ, T.D., ag an ċruinniú deireannaċ, go dtagann a lán cuairteoirí. Éireannaí agus Eaċtránaí ar cuairt ċuig uaiġ Uí Reaċtaire. Fear ar ṫuill a ċuid filíoċt cliú agus cáil do Ġaillim agus don Iarṫar.

"Ba ṁaiṫ liom an reilig a ġlanaḋ suas, agus imeall a ċur timpeall na h-uaiġe féin," adúirt sé. Níor ṫuill stáid na reilige féin, agus na h-uaiġe, mórán cliú do Ġaillim, adúirt sé. agus ḃí sé in am go ndéanfaí rud éigin faoi. D'aontaiġ an Innealtóir Condae, faoi an droċ ċaoi a ḃí ar an reilig agus dúirt sé go ndéanfaí an obair feabsúċáin a ḃí i gceist.

Uaċtar Ard

Táṫar ag déanaṁ iarraċt ṁór le damsa céilí agus damsai Gaelaċa a spreagaḋ arís imeasc pobal óg na paráiste, faoi ċoimirce Craoḃ Uaċtar Ard do Ṁuintir na Tíre. Tá an Ċraoḃ ag taḃairt cuireaḋ do ḋuine ar biṫ a ċuireas suim ann, teaċt ċuig céilí saor gaċ Máirt. ó seo amaċ. Ḃí an céad ċéilí an tseaċtain seo ċaite, ⁊ ḃí freastal an ṁaiṫ air. Labair an tAṫair Ó Conċuḃair, S.C., faoi caoṁnú an cultúr Gaelaċ i ngaċ gné de. Ḃí Seán Stafford, agus a ḃean, ó Ġaillim i láṫair, agus ṫug siad taispeántas de na damsaí céilí. ⁊ dúirt siad go dtaḃarfaḋ siad caḃair leis an scéim ar ḋóiġe ar biṫ a dtiocfaḋ leo. Tá ranganna damsa ḋá socrú ċoṁ maiṫ.

Eaċtrannaiġ in Iorras

Sa Dáil d'ḟiafraiġ Feilim Mac Giolla Laoire, T.D., den Aire Tailte. fá ċoinne mionḋaisnéisí den méid talaim a ċeanaiġ eaċtrannaí i gceantar Iorrais le roinnt blianta anuas, ċoṁ maiṫ lena luaċáil. ⁊ an praġas a h-íocaḋ, agus cé'n uair a ceannaíoḋ é. Dúirt an tUasal Childers ar son an Aire Tailte gur ceannaíoḋ ḋá ġaḃaltas; 305 acraí, le cearta iascaí agus lámaí, ar ċeanntar mór, de luaċáil £24-18-0 ar talaṁ agus £34-15-0 ar foirgintí in 1961 agus gaḃaltas 5.455 acraí, luaċáil £40-15s. ar talaṁ, 10s. ar foirgintí in Bealtaine, 1964. Ní nós é, adúirt sé an luaċ a insint i gcás margaḋ aonair.

Má Cuilinn

Ba ṫrom an tubaiste a ṫárla ag Carraí gainiṁ i Máiġ Cuilinn nuair a maraíoḋ Liam de Paor, fear 39 bliana d'aois. Ba leis féin an carraí gainiṁ agus ḃí roinnt ṁaiṫ acu aige. Duine ó'n ċeantar ab ea é. agus ḃí sé ina ċónaí lena ḃean ċéile ag an Príoṁ Sráid, Uaċtar Ard. Ḃí sé ag obair le meaisín glanta insan carraí gainiṁe ag Druim Cong, Máiġ Cuilinn, nuair a ḃeireaḋ air insan ċrios iompair agus gortaíoḋ go trom é. Ḃí carraí gainiṁ eile aige ag Uaċtar Ard. agus ḃí gnó mór aige i gcúrsaí iompair. Fear tacaíoċta mór de Ċumann Lút-Ċleas Gael ab ea é, agus ḃí cliú air ar fud na condae.

Gleann na Mada

Níl pleananna ar biṫ go fóill ag Bord na Móna fá ċoinne forbairt ar portaċ Loċ Lorgan, ag Gleann na Mada, Co na Gaillime — adúraḋ le Pádraic Ó Ceallaiġ, Co.C., ar na mallaiḃ. Rinne an Bord suirḃé ar an portaċ i 1948, agus níor dearnaḋ forbairt ar biṫ ó ṡin, toisc draenála, agus go ḃfuil éagsúlaċt doiṁne insan portaċ ó 8 go dtí 25 troiġ agus go ḃfuil cuid mór gráġa ann.

Siciní agus Uiḃeaċa

Tá éileaṁ an ṁór ar siciní a n-lá i gcuid mór áiteaċa ar fud Dún na nGall ṫiar, i ḃfad níos mó ná ḃíoḋ séasúr eile. Tá luċt na ngaḃaltaisí ag iarraiḋ a ċinntiú go mbeiḋ dóṫain acu le freastal ar a n-iarrataisí féin. An ċúis is mó a ḃí leis go raiḃ gantanas mór uiḃeaċa frío Iarṫar Dún na nGall an t-am is mó a ḃí siad i ḋiṫ nuair a ḃí luċt na gColáistí Saṁraiḋ ⁊ cuairteoirí Saṁraiḋ frío an ċeantar. Beaḋ éileaṁ ar i ḃfad níos mó uiḃeaċa ná tá le fáil insan ċeantar an t-am sin de ḃliain.

Gan Obair i nGaillim

Sa Dáil, an tseaċtain seo caite, ag freagairt ceiste ó Ḟiontán Ó Cuagáin, T.D., dúraḋ go raiḃ 2,134 daoine cláraiṫe mar a beiṫ as obair i nGaillim ar an 12ú Feaḃra, '65.

Seirḃísí Sláinte

Ċuir Pádraic Ó Ceallaiġ ceist ag Coṁairle Co. na Gaillime, an gcuirfí an leaḃar ar saor-seirḃísí doċtúra. ar fáil do gaċ duine. Dúirt an Caṫaoirleaċ, Seanadóir Marcus Mac Giolla Liaṫ, naċ ḃfaca sé teaċ ar biṫ go fóill naċ raiḃ eolas acu fána ṫaoḃ. Dá scríoḃaḋ duine ar biṫ ċuig an Coṁairle Condae, adúirt sé, ġeoḃfaḋ siad cóip den leaḃrán faoi na seirḃísí saora.

Turasóraċt

Tá Miċeál Ó hEiḃeárán. Bainisteoir Iarṫair na hÉireann ag dul i gcionn gnó go fuinniúil. Dia Luain na seaċtaine seo ṫug sé 16 feiḋmeannaí taistil ó'n Ġearmáin ar turas timpeall ċeantar Gaillim - Muiġeo. Dé Ceadaoine ċuaiġ sé go Béal Feirste áit ar ḃuail sé le ionadaiṫe taistil agus ionadaiṫe na bpáipéar. d'ḟonn turasóireaċt a spreagaḋ idir na Sé Condaeṫa ⁊ an taoḃ ṫiar de Éirinn.

Cogaḋ Aḋamaċ

Ṁarófaí breis agus 120.000 Meiriceánaiġ dá ndéanfaḋ an Rúis ionsaí Aḋamaċ ar na Stáit Aontaiṫe go lua ins na 1970's adúirt Riobard Mac na Mara, Rúnaí Cosanta na Stáit Aontaiṫe le Teaċ na Pairliminte ansin le déanaí.

Bantraċt na Tuaṫa

Ag an gcruinniú ráiṫiúl den Grúpa Cois Ḟairrge de Ḃantraċt na Tuaṫa cuireaḋ an rún seo i ḃfeiḋm: "Cúis mór aṫais agus bróid do ṁná an ġrúpa seo go ḃfuil corp an Laoiċ uasail. Ruairí Mac Easmuinn tagaiṫe arais sa deireaḋ dá tír dúċais. Is fada buan a ḃéas cuiṁne nár gcroíṫe ar a ċineáltas agus ar a rinne sé ar son páistí Conamara i n-aimsir an ċruatain."

Muintir na Gaeltaċta a d'ḟoilsiġ. "Democrat," Tír Ċonaill, ċlóḃualaḋ.